Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14819/24

LIMITE

MI 876
ENT 196
UNECE 20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0269 (NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram é de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171, ó na Náisiúin Aontaithe maidir le tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe i dtaca le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh Isofix, agus córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc, maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 6, 7 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh leasú ar an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais, maidir le togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe, agus maidir le togra le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla |

**CINNEADH (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí,
ar fóram é de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip
maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21,
25, 29, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147,
148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171, ó na Náisiúin Aontaithe
maidir le tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe
i dtaca le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh,
córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*,
agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil,
rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála,
rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha
chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú,
agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc,
maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 6,
7 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe, maidir le togra le haghaidh leasú
ar an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais,
maidir le togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe,
agus maidir le togra le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla
um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle[2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

---

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

[2] Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 a bhaineann le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).



PUBLIC

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin déantar rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh Fóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe) agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 CEE-NA tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

[3] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).



PUBLIC

(5) Ón 12 Samhain go dtí an 15 Samhain 2024, le linn an 194ú seisiún dá chuid, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 32, 33, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe; tograí le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*, agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc; tograí le haghaidh modhnuithe ar RTDanna Uimh. 6, 7, agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh leasú ar an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais; togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe; agus togra le haghaidh théarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le rúin ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle. Dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 maidir le glacadh na dtograí sin, is iomchuí é a leagan síos.

PUBLIC

(7) Chun forbairtí teicniúla agus taithí sa réimse a chur san áireamh, na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 0, 10, 13, 13-H, 14, 16, 17, 21, 25, 29, 43, 46, 74, 80, 86, 94, 95, 100, 110, 114, 116, 118, 125, 127, 129, 134, 135, 137, 145, 147, 148, 149, 153, 157, 158, 166, 167, agus 171 ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna Uimh. 6, 7 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe, ní mór an rún comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais; agus rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun dul chun cinn teicniúil a éascú agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht, ní mór na rialacháin seo a leanas a ghlacadh: rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh *Isofix*, agus córais srianta sábháilteachta linbh *i-Size* a shuiteáil, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le meabhrúcháin criosanna sábhála, rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le forálacha aonfhoirmeacha chun rialú luasghéaraithe ar earráid troitheáin a cheadú, agus rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cúntóir réimse radhairc.

(9) Chun a áirithiú go leanfar d'obair na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla i ndáil le comhlíonadh feithiclí ar feadh a saolré, is gá an togra ón bhFionlainn le haghaidh téarmaí tagartha na meithle neamhfhoirmiúla um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla a ghlacadh, agus an tráth céanna, diúltú do na tograí le haghaidh téarmaí tagartha arna gcur isteach ag an Meitheal Neamhfhoirmiúil um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus ag Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 maidir le glacadh an togra ón bhFionlainn (agus, tríd an méid sin a dhéanamh, na tograí arna thíolacadh ag an meitheal neamhfhoirmiúil um chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus ag Cónaidhm na Rúise a dhiúltú).

(10) Tá na tograí sin i gcomhréir le beartas an Aontais maidir leis an margadh inmheánach i dtaca leis an earnáil mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, agus i gcomhréir freisin lena bheartais maidir leis an ngeopholaitíocht, leis an iompar, leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, agus tá tionchar an-dearfach acu ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar thrádáil idirnáisiúnta.

(11) I bhfianaise na dtairbhí sin, moltar vótáil i bhfabhar na dtograí sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, le linn an 194ú seisiún a thionólfar idir an 12 Samhain agus an 15 Samhain 2024, is ea vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa..., ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC